Coimisiún na Scrúduithe Stáit

An Ardteistiméireacht 2014

Aistriúchán
Ar Scéim Mharcála

# OIDEACHAS REILIGIÚNACH

Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.
Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

**Réamhrá Ginearálta**

Tá an measúnú ar Oideachas Reiligiúnach san Ardteistiméireacht Ardleibhéil bunaithe ar aidhmeanna, ar chuspóirí agus ar thorthaí gach roinne de shiollabas an Oideachais Reiligiúnaigh don Ardteistiméireacht a d’fhoilsigh an Roinn Oideachais agus Scileanna in 2003.

In go leor cásanna ní thugtar ach príomhfhrásaí ina bhfuil an t-eolas agus na smaointe a chaithfidh a bheith i bhfreagra an iarrthóra chun na marcanna sannta a thuilleamh. Nuair a ghrádaítear marc i scéim mharcála an scrúdaithe, bronntar an marc do fhreagra an iarrthóra laistigh de raon ó shármhaith go han-mhaith, maith, réasúnta, lag, an-lag agus gan grád ar bith.

Níl na ‘Pointí a d’fhéadfadh a bheith ann’ a chuirtear i láthair sa scéim mharcála seo iomlán ná uileghabhálach. Déanfar pointí ábhartha breise a chuirfidh na hiarrthóirí i láthair a mharcáil agus bronnfar marcanna orthu de réir a bhfiúntais. Níl na tuairiscí ná sainmhínithe a thugtar sa scéim uileghabhálach agus is féidir glacadh le freagraí malartacha bailí eile. Más rud é go bhfuil tú neamhchinnte faoi bhailíocht freagra mhalartaigh, téigh i gcomhairle le do scrúdaitheoir comhairleach. Caithfear focail, nathanna cainte nó frásaí a úsáid i gceart i gcomhthéacs agus níor cheart iad a bhréagnú, agus más léir go n-úsáidtear go mícheart iad nó go mbréagnaítear iad, ní féidir na marcanna a thabhairt.

## AONAD A hAON

**NÍ MÓR DON IARRTHÓIR CEANN AMHÁIN AS AN DÁ CHEIST SEO A LEANAS A FHREAGAIRT.**

## ROINN A CUARDACH BRÍ AGUS LUACHANNA

**Ceist 1. Freagair a) agus b).**

**1 A 1 a) Déan próifíl ar an gcaoi ar féidir an duine sa lá atá inniu ann a fheiceáil agus é/í ag cuardach bhrí na beatha trí dhá cheann de na meáin seo a leanas:** **40M**

**● EALAÍN ● LITRÍOCHT ● CEOL ● CULTÚR ÓIGE**

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar an gcaoi a bhfuil an cuardach le haghaidh brí ag leanúint ar aghaidh a bheith á léiriú trí fhianaise ar chuardach bhrí na beatha sa lá atá inniu ann a rianú go cruinn in dhá cheann de na meáin seo a leanas – ealaín, litríocht, ceol nó cultúr óige.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- Ceol e.g. liricí, fonn agus físeán na n-amhrán; *Where is the love* leis na Black-eyed Peas – ceisteanna faoin maith agus faoin olc etc.
- Ealaín e.g. na hábhair, na meáin agus an siombalachas a roghnaíonn ealaíontóirí; *Guernica* le Pablo Picasso – ceisteanna faoin bhfulaingt agus faoin maith agus faoin olc etc.
- Litríocht e.g. an t-úrscéal *The Road* le Cormac McCarthy – ceisteanna faoi sprioc agus chuspóir na beatha etc.
- Cultúr Óige e.g. tá fianaise ar an gceistiú sna scannáin; *The Truman Show* – cuspóir na beatha agus na rudaí a sholáthraíonn fíorshonas etc.

Códaigh MCx2 san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|
| 20 > 17 | 16 > 14 | 13 > 11 | 10 > 8 | 7 > 5 4 > 2 1 > 0 | 20Mx2 |

**1 A 1 b) Leis an eolas atá agat faoi smaointe fealsúnacha Arastatail tabhair breac-chuntas ar dhá phointe a ndéanfadh sé do dhaoine sa lá atá inniu ann agus iad ag cuardach bhrí na beatha.** **40M**

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith eolas ar smaointeoireacht fhealsúnach na Sean-Ghréige trí eolas cruinn a thabhairt ar conas a d'fhéadfadh dhá cheann de smaointe fealsúnacha Arastatail tionchar a imirt ar dhaoine sa lá atá inniu ann atá ag cuardach bhrí na beatha.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- D'fhéadfadh smaoineamh Arastatail go bhfuil eisint ruda san fhoirm spreagadh a thabhairt do dhaoine an eisint rudaí a lorg etc.
- D'fhéadfadh smaoineamh Arastatail go bhfaigheann daoine an fhírinne trí na céadfaí agus tríd an intleacht tionchar a imirt ar dhaoine chun machnamh a dhéanamh ar eispéiris an duine etc.
- Etc.

Códaigh MCx2 san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|
| 20 > 17 | 16 > 14 | 13 > 11 | 10 > 8 | 7 > 5 4 > 2 1 > 0 | 20Mx2 |

**Ceist 2. Freagair a) agus b).**

**1 A 2 a)** ● **DEASGHNÁTHA ADHLACTHA ÁRSA** ● **DEASGHNÁTHA ÍOBARTHA ÁRSA** **40M**

**Scrúdaigh an tslí ar léiríodh creideamh na ndaoine a mhair sa chianaois trí gach ceann de na cineálacha deasghnátha thuas.**

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar an gcreideamh sna sochaithe is luaithe trí shúil ghéar a chaitheamh ar an tslí a ndearna na focail shiombalacha/na gníomhartha siombalacha i gceann amháin nó i níos mó ná ceann amháin de na deasghnátha adhlactha ársa nó de na deasghnátha íobartha ársa léiriú ar chreideamh na ndaoine a mhair sa chianaois.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*
- Deasghnátha adhlactha – Tugtar le tuiscint i bhfianaise sheandálaíochta 'Shí an Bhrú' creideamh i mbeatha tar éis bháis, adhradh na foinse solais agus scaradh na nithe atá naofa ó na nithe atá saolta (Geis) etc.
- Deasghnátha íobartha – creideamh i gcumhacht níos mó nó i ndia e.g. bhíodh úsáid na tine ina siombail ar aontacht idir na daoine sin a bhíodh ag tairiscint íobartha agus a ndia (a ndéithe) etc.

Códaigh MCx2 san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 20 > 17 | 16 > 14 | 13 > 11 | 10 > 8 | 7 > 5 | 4 > 2 | 1 > 0 | 20Mx2 |

**1 A 2 b)** ● **AN AEISTÉITIÚLACHT** ● **AN NAOFACHT** ● **AN MHISTIÚLACHT** ● **AN FHILEATACHT** ● **AN FHÁIDHIÚLACHT** **40M**

**Tabhair breac-chuntas ar an gcaoi a léiríonn daoine sa lá atá inniu ann a gcreideamh agus iad ag breathnú ar an saol trí mheán dhá cheann de na bealaí reiligiúnacha atá liostaithe thuas.**

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar na freagairtí reiligiúnacha don saol trí eolas cruinn a thabhairt ar an gcaoi a léiríonn dhá cheann de na bealaí chun breathnú ar an saol atá liostaithe sa cheist creideamh daoine sa lá atá inniu ann.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*
- An Aeistéitiúlacht – d'fhéadfadh áilleacht/cumhacht an dúlra a thabhairt le tuiscint go bhfuil Dia ann; is féidir creideamh a chur in iúl sna healaíona e.g. Leabhar Cheanannais etc.
- An Naofacht – tá Dia i láthair ag na príomhuaireanta sa saol; léiríonn an deasghnáth agus an urnaí an creideamh e.g. díríonn Salat an intinn ar Allah etc.
- An Mhistiúlacht – an duine a lorgaíonn Dia trí aistear inmheánach a dhéanamh e.g. an cleachtas um machnamh athmhachnamhach etc.
- An Fhileatacht – is féidir leis an bhfilíocht creideamh a léiriú e.g. na Sailm etc.
- An Fháidhiúlacht – a bheith mar fhinné ar chreideamh sa tsochaí e.g. Oscar Romero etc.

Códaigh MCx2 san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 20 > 17 | 16 > 14 | 13 > 11 | 10 > 8 | 7 > 5 | 4 > 2 | 1 > 0 | 20Mx2 |

**AONAD A DÓ**

**NÍ MÓR DON IARRTHÓIR DHÁ CHEANN DE NA TRÍ ROINN SEO A LEANAS A FHREAGAIRT.**

**ROINN B AN CHRÍOSTAÍOCHT: A BUNÚS AGUS A CUR IN IÚL COMHAIMSEARTHA**

**Freagair a) agus b).**

**2 B a)** ***Bhí ionchais éagsúla den Mheisias ag na Giúdaigh le linn aimsir Íosa —*** **40M**
**● DÁIVÍOCH ● SAGARTÚIL ● FÁIDHIÚIL**
**Déan cur síos ar an gcaoi a bhfuil léiriú le fáil ar cheann ar bith de na hionchais thuas den Mheisias ó eachtra i saol Íosa a dtugtar cuntas uirthi sna Soiscéil.**

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith eolas ar na hionchais Mheisiacha in aimsir Íosa trí chuntas cruinn a thabhairt ar an gcaoi a léiríonn eachtra i saol Íosa a dtugtar cuntas uirthi sna Soiscéil fianaise ar cheann amháin de na hionchais Mheisiacha atá liostaithe sa cheist.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*
- Dáivíoch – níor chomhlíon an freagra a thug Íosa ar an gceist faoi chánacha Rómhánacha a íoc an t-ionchas Dáivíoch go mbeadh an Meisias ina cheannaire míleata iontach a threascródh na Rómhánaigh. Baineann cuntas Mharcais ar iontráil Íosa in Iarúsailéim leas as gnéithe den ionchas Dáivíoch etc.
- Sagartúil – I bhfáthscéal an tSamáraigh Mhaith, ní chomhlíonann Íosa ionchais shagartúla nuair a thugann sé neamhaird ar ghlaine dheasghnách. Nuair a bhain sé na trádálaithe den teampall, chuir sé é féin laistigh den traidisiún Sagartúil um fhriotháil sa Teampall etc.
- Fáidhiúil – bhí roinnt daoine ag súil go mbeadh an Meisias cumhachtach fearacht Mhaois, a threoraigh na daoine as an sclábhaíocht chun na saoirse. Sa tSeanmóir ar an Sliabh, is féidir Íosa a fheiceáil mar shamhail nua Mhaois mar go gcuireann sé béim ar thiontú inmheánach agus ar thiomantas bunaithe ar an ngrá etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 40 > 34 | 33 > 28 | 27 > 22 | 21 > 16 | 15 > 10 | 9 > 4 | 3 > 0 | 40M |

**2 B b)** **Déan measúnú ar cé chomh lárnach is atá athaimsiú theachtaireacht Íosa sa mhisean atá ag ceann amháin díobh seo a leanas:** **40M**
**● CÉILE DÉ ● GLUAISEACHT SHOISCÉALACH AN PHROTASTÚNACHAIS GO LUATH SA 19Ú HAOIS ● DIAGACHT NA SAOIRSE ● LEASUITHE LIÚTAIR ● NA HOIRD DÉIRCE ● AN DARA COMHAIRLE VATACÁNACH**

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar oiriúnú agus ar athchóiriú sa traidisiún Críostaí trí mheasúnú cruinn a dhéanamh ar cé chomh lárnach is atá athaimsiú theachtaireacht Íosa sa mhisean atá ag gluaiseacht athchóirithe amháin atá liostaithe sa cheist.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*
- Céile Dé – cuid mhór dá mhisean ba ea oideachas a thabhairt do shagairt faoi theachtaireacht Íosa d'fhonn bogadh amach ón mí-úsáid a bhíodh á baint as céim agus as údarás etc.
- Gluaiseacht Shoiscéalach an Phrotastúnachais go Luath sa 19ú hAois – chuir sí béim ar thiontú pearsanta, rud ba chúis le hathrú ar an gcineál saoil a mhaireann duine e.g. cuireann an Eaglais

Mhodhach, ar bhunaigh John Wesley í, béim láidir ar an ngá le creideamh pearsanta a chomhtháthú le gníomhú sóisialta etc.
- Diagacht na Saoirse – meastar gur teachtaireacht fuascailte í teachtaireacht an tSoiscéil agus meastar gurb é Íosa an fuascailteoir mór etc.
- Leasuithe Liútair – cuireadh béim ar chreideamh i nDia trí Íosa Críost etc.
- Na hOird Déirce – ghlac siad leis an mbochtaineacht agus d'iarr siad oideachas a thabhairt do na tuataí, agus iad ag forbairt manachas uirbeach a bhí bunaithe ar shaol Íosa etc.
- An Dara Comhairle Vatacánach – theastaigh uaithi fís bhunaidh na Críostaíochta a athaimsiú agus a hábharthacht leis an saol nua-aimseartha á cur in iúl. D'iarr an Dara Comhairle Vatacánach rannpháirteachas níos gníomhaí na dtuataí agus ar Chríostaithe bheith gníomhach i réimse na córa sóisialta etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Ar fheabhas* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 40 > 34 | 33 > 28 | 27 > 22 | 21 > 16 | 15 > 10 | 9 > 4 | 3 > 0 | 40M |

## ROINN C REILIGIÚIN DHOMHANDA

**Freagair a) agus b).**

**2 C a)** ◆ **AN BÚDACHAS** ◆ **AN HIONDÚCHAS** ◆ **AN TIOSLAMACHAS** 40M

**Scrúdaigh an tacaíocht a thugtar do bhaill de cheann amháin de na reiligiúin dhomhanda thuas tríd an mbealach a n-eagraítear an tacaíocht sin in Éirinn sa lá atá inniu ann.**

*Critéir Mharcála*

Léireofar i bhfreagra sármhaith eolas ar na gnéithe eagrúcháin de reiligiún domhanda trí shúil ghéar a chaitheamh ar an dóigh a dtacaítear leis na baill de reiligiún domhanda atá liostaithe sa cheist tríd an mbealach a eagraítear an tacaíocht sin in Éirinn sa lá atá inniu ann.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- An Búdachas – Toisc nach bhfuil údarás láir ná róil ordlathacha ann, tacaítear le smaoineamh na freagrachta indibhidiúla sa Bhúdachas. Tairgeann ionaid Bhúdaíocha in Éirinn cúrsaí spioradálta, machnamh agus cainteanna etc.
- An Hiondúchas – Tacaíonn an tábhacht a bhaineann le Darma le Hiondúigh in Éirinn mar go dtugann sé spreagadh do dhaoine a gcuid dualgas a chomhlíonadh. Is i mBéal Feirste atá an teampall saintógtha is mó. Tugann sé an deis don phobal teacht le chéile. Tacaíonn sé sin le féiniúlacht reiligiúnach na Hiondúch agus tairgeann sé tacaíocht shóisialta freisin etc.
- An tIoslamachas – Tacaíonn an Córán le daoine de lucht leanúna an Ioslamachais trí struchtúr a chur ar fáil don saol laethúil. Cuireann moscanna tacaí reiligiúnacha, oideachasúla agus sóisialta ar fáil don phobal. Tacaíonn suíomh Gréasáin Ionad Cultúir Ioslamach na hÉireann (ICCI) leis an bpobal trí fhaisnéis a chur ar fáil faoi na hamanna urnaí, faoi chúrsaí nua etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 40 > 34 | 33 > 28 | 27 > 22 | 21 > 16 | 15 > 10 | 9 > 4 | 3 > 0 | 40M |

**2 C b)** **Tabhair breac-chuntas ar an gcineál caidrimh atá idir an Chríostaíocht agus an Giúdachas trí úsáid a bhaint as ceann amháin de na ceannteidil seo a leanas:** **40M**

● **TRAIDISIÚN CEILIÚRTHA** ● **FÍS DEN SLÁNÚ**

*Critéir Mharcála*

Léireofar i bhfreagra sármhaith eolas ar an gCríostaíocht agus ar an nGiúdachas trí eolas cruinn a thabhairt ar an gcaidreamh idir an Chríostaíocht agus an Giúdachas maidir lena dtraidisiún ceiliúrtha nó lena bhfís den slánú.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- Is i nGiúdachas atá fréamhacha na Críostaíochta. Tá bríonna, siombailí agus deasghnátha cosúla ag traidisiún ceiliúrtha na Críostaíochta agus ag traidisiún ceiliúrtha an Ghiúdachais e.g. ócáidí ceiliúrtha cuimhneacháin is ea an Eocairist Chríostaí agus Cáisc na nGiúdach araon etc.
- Stair an tslánaithe atá ina cosúlacht idir Críostaithe agus Giúdaigh e.g. daoine tábhachtacha i scéal slánaithe na Críostaíochta iad fáithe agus ríthe an Ghiúdachais etc.
- Tá an Chríostaíocht agus an Giúdachas difriúil maidir leis an tuiscint atá acu ar ról Íosa i stair an tslánaithe. Is é Íosa Críost buaicphointe an tslánaithe do Chríostaithe. Ní mheasann Giúdaigh gur diaga atá Íosa etc.
- Etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 40 > 34 | 33 > 28 | 27 > 22 | 21 > 16 | 15 > 10 | 9 > 4 | 3 > 0 | 40M |

## ROINN D CINNEADH MORÁLTA A DHÉANAMH

**Freagair a) agus b).**

**2 D a)** ● **ÚDARÁS SIBHIALTA** ● **ÚDARÁS REILIGIÚNACH** **40M**
**Scrúdaigh an tslí a gcuirfeadh gach ceann díobh seo thuas oiliúint choinsiasa ar dhuine maidir le saincheist mhorálta a ndearna tú staidéar uirthi.**

*Critéir Mharcála:*
Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar an gcaidreamh idir coinsias agus údarás trí shúil ghéar a chaitheamh ar an tslí a bhféadfadh údarás sibhialta agus údarás reiligiúnach oiliúint choinsiasa a chur ar dhuine maidir le saincheist mhorálta.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann:*
- Údarás Sibhialta – tá an dlí sibhialta ann le leas coiteann an phobail ar fad, rud a d'fhéadfadh spreagadh a thabhairt do dhuine an leas coiteann a bhreithniú nuair is gá dó/di cinneadh morálta a dhéanamh. D'fhéadfadh coinsias duine diúltú don rud a leagann an t-údarás sibhialta síos e.g. diúltú do chomhoibriú le dlí éagórach – cinedheighilt etc.
- Údarás Reiligiúnach – d'fhéadfadh duine dul i muinín foinsí éagsúla údaráis reiligiúnaigh (ceannairí, téacs diaga, traidisiún etc.) chun oiliúint choinsiasa a chur air/uirthi féin maidir le saincheist mhorálta etc.
- Etc.

Códaigh MCx2 san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 20 > 17 | 16 > 14 | 13 > 11 | 10 > 8 | 7 > 5 | 4 > 2 | 1 > 0 | 20Mx2 |

**2 D b)** **Tabhair breac-chuntas ar an gcaoi a raibh tionchar ag tuairim a bhaineann leis an Eagnaíocht ar an tuiscint atá ag daoine ar cad atá ceart agus ar cad atá mícheart maidir le ceann amháin de na saincheisteanna thíos:** **40M**

PIONÓS AN BHÁIS FOSTÚ PÁISTÍ SCLÁBHAÍOCHT COGADH

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar mhoráltacht trí eolas cruinn a thabhairt ar an gcaoi a raibh tionchar ag tuairim de chuid na hEagnaíochta ar an tuiscint a bhí ag daoine ar Phionós an Bháis nó ar Fhostú Páistí nó ar Sclábhaíocht nó ar Chogadh.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*
- Cuirtear béim ar fhianaise a úsáid i dtuairimí faoin Modh Eolaíoch. Ba é taighde sna heolaíochtaí sóisialta a léirigh nach bhfuil tionchar díspreagthach ag pionós an bháis ba chúis le hathrú ar an tuiscint atá ag daoine ar cad atá ceart agus cad atá mícheart maidir le pionós an bháis etc.
- Ba iad tuairimí na hEagnaíochta faoi chearta an duine ba chúis le tuiscint nua ar chearta na bpáistí agus le tuiscint nua ar chearta na n-oibrithe. Cuireadh teorainneacha leis an gcineál oibre ba cheart do pháistí a dhéanamh etc.
- D'fhorbair tuairimí faoi chomhionannas an tuiscint a bhí ag daoine nach mór dóibh meas a bheith acu ar shaoirse gach duine le gur thángthas ar an tuiscint go raibh an sclábhaíocht éigeart ó thaobh na moráltachta de etc.
- Neartaigh tuairimí faoi chearta an duine agus faoi dhaonlathas prionsabail theoiric an 'Chogaidh Chóir'. Chuir siad sin le tuairimí faoi cé hé an 'rialtóir dlisteanach' agus faoi conas argóint na comhréireachta a bhreithniú etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 40 > 34 | 33 > 28 | 27 > 22 | 21 > 16 | 15 > 10 | 9 > 4 | 3 > 0 | 40M |

## AONAD A TRÍ

**NÍ MÓR DON IARRTHÓIR CEANN AMHÁIN DE NA CEITHRE RANNÁN SEO A LEANAS A FHREAGAIRT.**

## ROINN E REILIGIÚN AGUS INSCNE

**Freagair a) agus b).**

**3 E a)** ◆**AN BÚDACHAS** ◆**AN CHRÍOSTAÍOCHT** ◆**AN HIONDÚCHAS** ◆**AN TIOSLAMACHAS** ◆**AN GIÚDACHAS** **40M**

**Scrúdaigh na cosúlachtaí agus na difríochtaí idir na róil a bhíonn ag mná in dhá cheann de na reiligiúin dhomhanda thuas.**

*Critéir Mharcála:*

Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar ról na mban i reiligiúin dhomhanda éagsúla trí shúil ghéar a chaitheamh ar dhá chosúlacht agus ar dhá dhifríocht idir na róil a bhíonn ag mná in dhá cheann de na mór-reiligiúin dhomhanda atá liostaithe sa cheist.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann:*

- Cosúlachtaí e.g. Sa Bhúdachas, tá róil mar oidí spioradálta ag mná; san Ioslamachas, tugtar le tuiscint i Sura 2:124 go bhféadann mná a bheith ina n-iomámaí; tá saindualgais dheasghnácha sa Hiondúchas agus sa Ghiúdachas a thugtar do mhná etc.
- Difríochtaí e.g. Sa Chríostaíocht, tá róil shonracha bunaithe ar inscne ag roinnt sainchreideamh; sa Bhúdachas, ciallaíonn smaoineamh an anatta (nach mbaineann nithe leis an duine féin) nach bhfuil an inscne tábhachtach; d'fhorbair traidisiúin Chríostaí agus traidisiúin Bhúdaíocha comhthionóil mhanachúla/chlochair do mhná etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 40 > 34 | 33 > 28 | 27 > 22 | 21 > 16 | 15 > 10 | 9 > 4 | 3 > 0 | 40M |

**3 E b)** **Déan anailís ar na tosca a chuidigh le bean amháin as aon cheann de na catagóirí thíos, cur le forbairt a traidisiúin reiligiúnaigh.** **40M**

● **BUNAITHEOIRÍ & LEASAITHEOIRÍ NA N-ORD RIALTA** ● **SCRÍBHNEOIRÍ REILIGIÚNACHA** ● **LEASAITHEOIRÍ SÓISIALTA** ● **SMAOINTEOIRÍ SPIORADÁLTA**

*Critéir Mharcála*

Léireofar i bhfreagra sármhaith eolas ar an méid a chuir bean amháin le traidisiún reiligiúnach trí mhiondealú a thabhairt ar an dóigh ar chuidigh dhá thoisc nó níos mó as ceann amháin de na catagóirí atá liostaithe sa cheist le bean a traidisiún reiligiúnach a fhorbairt.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- e.g. spreagadh daoine eile le heitic oibre agus le tiomantas Nano Nagle do phríomhphrionsabail chreidimh; d'fhorbair sí a traidisiún reiligiúnach trí bhunú a dhéanamh ar Ord na Toirbhearta, a chuir oideachas Caitliceach ar fáil do na boicht etc.
- e.g. an cumas a bhí ag Elizabeth Johnson chun éisteacht agus chun aithint, chabhraigh siad léi a traidisiún reiligiúnach a fhorbairt trí scríbhinní diagachta etc.
- e.g. an diongbháilteacht agus an trua do dhaoine eile a bhí ag Edwina Gately, d'fhorbair siad a traidisiún reiligiúnach trí mhaireachtáil de réir shaintréithe Ríocht Dé etc.
- e.g. chabhraigh an misneach agus an léargas a bhí ag Treasa d'Avila léi machnamh a fhorbairt mar fhoirm urnaí ina traidisiún reiligiúnach etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 40 > 34 | 33 > 28 | 27 > 22 | 21 > 16 | 15 > 10 | 9 > 4 | 3 > 0 | 40M |

**ROINN F SAINCHEISTEANNA CÓRA AGUS SÍOCHÁNA**

**Freagair a) agus b).**

**3 F a) Mínigh conas a d'fhéadfaí ocras domhanda *nó* an bhochtaineacht in Éirinn *nó* an leithcheal in Éirinn a cheangal le dhá cheann de na struchtúir sa tsochaí atá liostaithe thíos:** **40M**

**● CULTÚRTHA ● EACNAMAÍOCH ● POLAITIÚIL ● SÓISIALTA**

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar anailís shóisialta trí chuntas cruinn a thabhairt ar conas a d'fhéadfadh dhá cheann de na struchtúir atá liostaithe sa cheist cur le hocras domhanda nó leis an mbochtaineacht in Éirinn nó leis an leithcheal in Éirinn.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*
- D'fhéadfadh struchtúir chultúrtha tionchar a imirt ar na daoine agus ar na nithe a bhfuil ardmheas ag daoine orthu agus, dá bhrí sin, mar shampla, d'fhéadfadh na meáin cur leis an leithcheal in Éirinn mura gcuirtear in éadan steiréitíopaí etc.
- D'fhéadfadh struchtúir eacnamaíocha a chinneadh cé hé a bhfuil rochtain aige ar acmhainní, ar shaibhreas agus ar an bhfostaíocht agus cé hé a bhfuil rialú aige orthu siúd agus, dá bhrí sin, d'fhéadfadh siad cur le hocras domhanda mar nach bhfuil cothroime rochtana ag tíortha bochta sa domhan i mbéal forbartha ar mhargaí an chéid domhain etc.
- Féadann struchtúir pholaitiúla na bpróiseas cinnteoireachta atá ag náisiún nó ag grúpa a mhúnlú agus, mar thoradh air sin, d'fhéadfadh siad cur le hocras domhanda mar go gcinneann beartas rialtais na bealaí ina ndáiltear acmhainní etc.
- D'fhéadfadh struchtúir shóisialta teorainn a chur leis an teagmháil atá ag daoine le daoine eile nach ionann a gcúinsí. D'fhéadfadh sé sin cur leis an mbochtaineacht in Éirinn mar gur féidir nach bhfuil daoine eolach ar an ngá le beart a dhéanamh maidir leis an mbochtaineacht etc.

Códaigh MCx2 san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 20 > 17 | 16 > 14 | 13 > 11 | 10 > 8 | 7 > 5 | 4 > 2 | 1 > 0 | 20Mx2 |

**3 F b) ◆AN BÚDACHAS ◆AN CHRÍOSTAÍOCHT ◆AN HIONDÚCHAS ◆AN tIOSLAMACHAS ◆AN GIÚDACHAS** **40M**

**Maidir leis an tuiscint ar an gcóir sna reiligiúin dhomhanda thuas, tabhair breac-chuntas ar an gcaoi a spreagtar baill de cheann amháin díobh chun dul i ngleic le cúis struchtúrach a bhaineann leis an ocras domhanda *nó* leis an mbochtaineacht in Éirinn *nó* leis an leithcheal in Éirinn.**

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith eolas ar pheirspictíocht reiligiúnach ar an gcóir trí eolas cruinn a thabhairt ar an gcaoi a spreagann reiligiún domhanda a bhaill chun dul i ngleic le cúis struchtúrach a bhaineann leis an ocras domhanda nó leis an mbochtaineacht in Éirinn nó leis an leithcheal in Éirinn.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*
- Tugann conair na n-ocht rian spreagadh do Bhúdaithe oibriú ar son na córa sóisialta mar go dtugann sí spreagadh do dhaoine smaoineamh agus gníomhú ar bhealaí atá cothrom agus atruach etc.
- Tugann teagasc Íosa faoi Ríocht Dé spreagadh do Chríostaithe dul i ngleic leis na cúiseanna struchtúracha leis an ocras domhanda e.g. Clár Cúnaimh Dhomhanda agus Forbartha Eaglais na hÉireann etc.

- Tugann an pháirt i ndarma atá ag na ceithre Varna spreagadh do Hiondúigh dul i ngleic leis na cúiseanna struchtúracha leis an ocras domhanda/leis an mbochtaineacht /leis an leithcheal in Éirinn d'fhonn síth agus an tsíocháin a chur chun cinn etc.
- Is féidir a mheas go bhfuil athdháileadh an tsaibhris i gceist le Zakat agus go dtugann sé spreagadh do dhaoine de lucht leanúna an Ioslamachais dul i ngleic leis na cúiseanna leis an ocras domhanda /leis an mbochtaineacht/leis an leithcheal in Éirinn etc.
- Spreagann an Cúnant sa Ghiúdachas maireachtáil sa chaidreamh ceart le Dia agus le daoine eile. Spreagann sé sin daoine chun dul i ngleic leis na cúiseanna struchtúracha leis an ocras domhanda/leis an mbochtaineacht/leis an leithcheal in Éirinn etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 40 > 34 | 33 > 28 | 27 > 22 | 21 > 16 | 15 > 10 | 9 > 4 | 3 > 0 | 40M |

## ROINN G ADHRADH, URNAÍ AGUS DEASGHNÁTHA

**Freagair a) agus b).**

**3 G a) Scrúdaigh an ról a imríonn an deasghnáth i saol daoine sa lá atá inniu ann trí úsáid a bhaint as na ceannteidil seo a leanas:**

**i. An úsáid a bhaintear as focail shiombalacha agus gníomhartha siombalacha. 20M**

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar an tábhacht a bhaineann le deasghnáth ar an saol sa lá atá inniu ann trí shúil ghéar a chaitheamh ar an tionchar a imríonn focail shiombalacha agus gníomhartha siombalacha i saol duine sa lá atá inniu ann.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*
- Sonraíonn siad ócáidí tábhachtacha e.g. i ndeasghnátha pósta shibhialta agus reiligiúnaigh, is é grá síoraí a dhéanann na focail shiombalacha agus na gníomhartha siombalacha a bhaineann le móideanna agus le fáinne a mhalartú a chur in iúl etc.
- Cuireann siad na creidimh atá ag duine in iúl e.g. an gníomh siombalach san Ioslamachas a bhaineann leis an duine éagtha a chur agus a (h)aghaidh ar Mheice etc.
- Tugann siad deis do dhaoine a gcuid creideamh agus/nó luachanna a chomhroinnt le chéile e.g. na focail shiombalacha agus na gníomhartha siombalacha a úsáidtear um Nollaig etc.
- Etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 20 > 17 | 16 > 14 | 13 > 11 | 10 > 8 | 7 > 5 | 4 > 2 | 1 > 0 | 20M |

**ii. Gnéithe dearfacha agus diúltacha an deasghnáthais. 20M**

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar an tábhacht a bhaineann le deasghnáth ar an saol sa lá atá inniu ann trí shúil ghéar a chaitheamh ar na gnéithe dearfacha agus diúltacha den úsáid leantach focal siombalach agus gníomhartha siombalacha i saol daoine sa lá atá inniu ann.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*
- Is féidir le deasghnáth daoine a aontú. Agus focail shiombalacha agus gníomhartha siombalacha á n-athrá acu, éiríonn daoine eolach ar na focail agus ar na gníomhartha sin, a fhágann go mbíonn sé níos éasca dóibh páirt a ghlacadh iontu etc.
- Is féidir le deasghnáth eispéireas comhroinnte a chruthú. Agus focail shiombalacha agus gníomhartha siombalacha á n-athrá acu, d'fhéadfadh go mbeadh daoine páirteach gan machnamh a dhéanamh ar bhrí na bhfocal agus na ngníomhartha sin etc.
- Is féidir le deasghnáth cuardach bhrí na beatha a chur in iúl. Agus focail shiombalacha agus gníomhartha siombalacha á n-athrá acu, d'fhéadfadh nach dtuigfeadh daoine an tábhacht a bhaineann leis na focail agus leis na gníomhartha sin etc.
- Etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 20 > 17 | 16 > 14 | 13 > 11 | 10 > 8 | 7 > 5 | 4 > 2 | 1 > 0 | 20M |

**3 G b) Tabhair breac-chuntas ar na cosúlachtaí agus ar na difríochtaí idir bhríonna ‘sacraimint’do bhaill de chuid dhá shainchreideamh Críostaí sa lá atá inniu ann.** **40M**

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar shacraimint in dhá thraidisiún Críostaí trí eolas cruinn a leagan amach ar na cosúlachtaí agus ar na difríochtaí idir bríonna ‘sacraimint’ laistigh de dhá shainchreideamh Críostaí sa lá atá inniu ann.

*Pointí a d’fhéadfadh a bheith ann*
- I measc na gcosúlachtaí idir an tuiscint Anglacánach agus an tuiscint Chaitliceach Rómhánach, tá an tuiscint atá acu araon gur grásta Chríost atá sna sacraimintí; déanann siombailí sacraiminte an grásta sin a nochtadh agus a chur in iúl agus cumasaíonn siad rannpháirtíocht sa ghrásta sin etc.
- I measc na ndifríochtaí idir an tuiscint Anglacánach agus an tuiscint Chaitliceach Rómhánach, tá difríochtaí faoi líon na sacraimintí a chuir Íosa ar bun; ní ionann an tuiscint ar cén uair atá sacraimintí le ceiliúradh do na sainchreidimh e.g. is féidir nach gceiliúrtar an Eocairist san Eaglais Phreispitéireach chomh minic agus a cheiliúrtar í san Eaglais Chaitliceach Rómhánach etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 40 > 34 | 33 > 28 | 27 > 22 | 21 > 16 | 15 > 10 | 9 > 4 | 3 > 0 | 40M |

**ROINN H AN BÍOBLA: LITRÍOCHT AGUS TÉACS DIAGA**

**Freagair a) agus b).**

**3 H a)** ***Rinneadh cur síos ar an mBíobla mar 'clasaiceach beo'.*** **40M**
**Déan plé ar an bhfianaise atá ann ar son an ráitis seo agus tagairt á déanamh agat do dhá cheann díobh seo a leanas: ● Tionchar an Bhíobla ar chúrsaí ealaíne. ● Tionchar an Bhíobla ar chúrsaí litríochta. ● Tionchar an Bhíobla ar chúrsaí ceoil.**

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar an mBíobla trí scrúdú a dhéanamh ar thionchar an Bhíobla agus trí chonclúidí cruinne a bhaint ar thionchar an Bhíobla ar dhá cheann de na nithe seo a leanas: cúrsaí ealaíne, cúrsaí litríochta, cúrsaí ceoil.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*
- Is féidir tionchar an Bhíobla ar chúrsaí ealaíne a fheiceáil i mósáicí Eaglaise agus ar Ardchrosa Éireannacha. Tá téamaí an Bhíobla coitianta i gcúrsaí ealaíne san Eoraip e.g. An Suipéar Déanach le Leonardo Da Vinci etc.
- Fuair filí amhail Chaucer, Milton agus Eliot inspioráid ón mBíobla. Bhain scríbhneoirí amhail Colm Tóibín, John Steinbeck agus Toni Morrison úsáid as téamaí, as íomhánna nó as carachtair ón mBíobla etc.
- Scríobh cumadóirí amhail Bach, Mozart agus Mendelssohn saothair a raibh an Bíobla mar fhoinse inspioráide dóibh. Spreag an Bíobla ceoldrámaí cáiliúla e.g. *Joseph and the Amazing Technicolor Dream Coat* etc.

Códaigh MCx2 san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 20 > 17 | 16 > 14 | 13 > 11 | 10 > 8 | 7 > 5 | 4 > 2 | 1 > 0 | 20Mx2 |

**3 H b)** **● SOISCÉAL LÚCÁIS ● SOISCÉAL MHARCAIS ● SOISCÉAL MHATHA** **40M**
**Scrúdaigh dhá chosúlacht agus dhá dhifríocht san ábhar atá curtha i láthair in aon cheann de na Soiscéil atá liostaithe thuas.**

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar áit an Bhíobla sa traidisiún Giúd-Chríostaí trí shúil ghéar a chaitheamh ar dhá chosúlacht agus ar dhá dhifríocht san ábhar atá curtha i láthair sna Soiscéil Shionoptacha.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*
- Cosúlacht idir na Soiscéil sin is ea na foinsí as a mbaintear úsáid iontu e.g. is dóigh gur baineadh úsáid as Soiscéal Mharcais agus as an bhfoinse hipitéiseach dá dtagraítear foinse 'Q' i Soiscéal Lúcáis agus i Soiscéal Mhatha; comhaontaítear ar phríomhfhíricí i Soiscéal Lúcáis agus i Soiscéal Mhatha e.g. Baisteadh Íosa; eachtraí i saol, i mbás agus in aiséirí Íosa; Foirm liteartha den chineál céanna e.g. foclaíocht den chineál céanna i bparabail etc.
- Ní ionann foclaíocht nathanna Íosa do na Soiscéil Shionoptacha e.g. Paidir an Tiarna; uaireanta, tugadh cuntais éagsúla ar eachtraí i saol, i mbás agus in aiséirí Íosa e.g. breith agus naíonacht Íosa etc.
- Etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 40 > 34 | 33 > 28 | 27 > 22 | 21 > 16 | 15 > 10 | 9 > 4 | 3 > 0 | 40M |

***Marcanna Breise as ucht Freagairt trí Ghaeilge***

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ba chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn thar 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn thar 75% d'iomlán na marcanna. Ba chóir freisin an marc bónais sin a shlánú síos.

*Tábla I*
Bain úsáid as an tábla seo i gcás na n-ábhar a leanas:

- Oideachas Reiligiúnach – Ardleibhéal & Gnáthleibhéal

Iomlán: 320 Gnáthráta: 10%

Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás marcanna suas go 240. Thar an marc sin, féach an tábla thíos.

| **Bunmharc** | **Marc Bónais** |
|---|---|
| 241 - 243 | 23 |
| 244 - 246 | 22 |
| 247 - 250 | 21 |
| 251 - 253 | 20 |
| 254 - 256 | 19 |
| 257 - 260 | 18 |
| 261 - 263 | 17 |
| 264 - 266 | 16 |
| 267 - 270 | 15 |
| 271 - 273 | 14 |
| 274 - 276 | 13 |
| 277 - 280 | 12 |

| **Bunmharc** | **Marc Bónais** |
|---|---|
| 281 - 283 | 11 |
| 284 - 286 | 10 |
| 287 - 290 | 9 |
| 291 - 293 | 8 |
| 294 - 296 | 7 |
| 297 - 300 | 6 |
| 301 - 303 | 5 |
| 304 - 306 | 4 |
| 307 - 310 | 3 |
| 311 - 313 | 2 |
| 314 - 316 | 1 |
| 317 - 320 | 0 |

**Maidir lena bhfuil á mheas sna Critéir Mharcála Ardleibhéil do gach ceist —**

| Tuairiscín na Ceiste | SÁRMHAITH | AN-MHAITH | GO MAITH | RÉASÚNTA | LAG | AN-LAG | GAN AON GHRÁD |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **FIANAISE SA FHREAGRA AR AIDHMEANNA /CHUSPÓIRÍ /THORTHAÍ AN TSIOLLABAIS** | FIANAISE SHUBSTAINTIÚIL | FIANAISE AN-MHAITH | FIANAISE MHAITH | FIANAISE LEORDHÓTHANACH | FIANAISE NEAMHLEOR | BEAGÁN FIANAISE | FÍORBHEAGÁN FIANAISE/ GAN AON FHIANAISE |
| **BAINT AN FHREAGRA LEIS AN GCEIST** | BAINT IOMLÁN AGUS SHOILÉIR | BAINT SHOILÉIR | BAINT GHINEARÁLTA | BAINT THEORANTA | BEAGÁN BAINTE | FÍORBHEAGÁN BAINTE | GAN AON BHAINT |
| **CRUINNEAS** | GAN AON MHÓR-EARRÁID(Í) | FÍORBHEAGÁN FIANAISE AR MHÓR-EARRÁID(Í) | BEAG FIANAISE AR MHÓR-EARRÁID(Í) | ROINNT MÓR-EARRÁIDÍ | ROINNT MHAITH MÓR-EARRÁIDÍ | ROINNT AN-MHAITH MÓR-EARRÁIDÍ | MÓR-EARRÁID(Í) SHUBSTAINTIÚIL (SUBSTAINTIÚLA) |
| **FIANAISE AR GHABHÁIL DON SCIL (DO NA SCILEANNA)** | ÚSÁID SHÁRMHAITH SCIL(EANNA) | ÚSÁID AN-MHAITH SCIL(EANNA) | ÚSÁID MHAITH SCIL(EANNA) | ÚSÁID ÉIGIN AS SCIL(EANNA) | BEAGÁN ÚSÁIDE AS SCIL(EANNA) | FÍORBHEAGÁN ÚSÁIDE AS SCIL(EANNA) | GAN AON ÚSÁID AS SCIL(EANNA) |

*Teidil Dualgais don Obair Chúrsa san Oideachas Reiligiúnach do Scrúdú na hArdteistiméireachta 2014 — S97/12*

**ROINN I: REILIGIÚN, EISPÉIREAS NA HÉIREANN**

**I.1 Cás-staidéar ina ndéantar comparáid idir na patrúin reatha i gcleachtadh an chreidimh i measc na mball de phobal creidimh in Éirinn agus na patrúin reatha i measc bhaill an phobail sin i dtír amháin eile san Eoraip.**

*Critéir Mharcála*
Léireofar in obair chúrsa shármhaith tuiscint ar phatrúin an chreidimh san Eoraip trí chuntas cruinn a thabhairt ar na cosúlachtaí agus/nó na difríochtaí i bpatrún an chreidimh i bpobal creidimh in Éirinn agus é sin a fhaightear i measc bhaill an phobail sin i dtír amháin eile san Eoraip.

**I. 2. Déan próifíl de dhá shampla ar conas a chuireann baill na n-eaglaisí Críostaí an t-éacúiméineachas chun cinn in Éirinn sa lá atá inniu ann.**

*Critéir Mharcála*
Léireofar in obair chúrsa shármhaith eolas ar an gCríostaíocht in Éirinn an lae inniu trí dhá shampla a rianú den dóigh a gcuireann baill na nEaglaisí Críostaí an cuardach aontachta chun cinn i measc na nEaglaisí Críostaí sa lá atá inniu ann.

**ROINN J: AN REILIGIÚN AGUS AN EOLAÍOCHT**

**J. 1 Imscrúdú ar an tionchar a d'imir teoiric amháin de chuid Descartes ar an gcoibhneas idir an eolaíocht agus an reiligiún.**

*Critéir Mharcála*
Léireofar in obair chúrsa shármhaith eolas ar ócáid thábhachtach sa choibhneas idir an eolaíocht agus an diagacht trí shúil ghéar a chaitheamh ar an tionchar a bhí ag teoiric amháin de chuid Descartes ar an gcoibhneas idir an reiligiún agus an eolaíocht.

**J. 2 *Ón gcianaimsir anuas go dtí an lá atá inniu ann, tá tuairimí éagsúla nochtaithe maidir le tús na cruinne.* Iniúchadh ar an bhfianaise atá ann i gcás an ráitis sin agus tú ag tagairt do theoiric nua-aimseartha eolaíoch agus do chuntas ársa maidir le tús na cruinne.**

*Critéir Mharcála*
Léireofar in obair chúrsa shármhaith tuiscint ar an gcomhphlé idir an reiligiún agus an eolaíocht trí shúil ghéar a chaitheamh ar an difríocht idir teoiric reatha eolaíoch agus cuntas ársa maidir le tús na cruinne agus trí chonclúidí cruinne a bhaint as an difríocht sin.

***Obair Chúrsa san Oideachas Reiligiúnach – Ardleibhéal***

Aidhmeanna den obair chúrsa d'Oideachas Reiligiúnach na hArdteistiméireachta:

- Deis a thabhairt do dhaltaí dul i ngleic go pearsanta le saincheist leasa nó cásmhaireachta
- Forbairt a dhéanamh ar eolas, ar thuiscint, ar scileanna agus ar dhearcthaí na ndaltaí, de réir mar atá leagtha amach i gcuspóirí na roinne atá ainmnithe don obair chúrsa
- Deis a thabhairt do dhaltaí tabhairt faoi thaighde, faoi anailís agus faoi mhachnamh breise ar thopaic roghnaithe
- Scileanna taighde, anailíse, meastóireachta, smaointeoireachta criticiúla, cumarsáide agus machnaimh a fhorbairt

Cuireadh obair chúrsa isteach mar ghné den nós imeachta measúnaithe den oideachas reiligiúnach i scrúdú na hArdteistiméireachta mar gheall ar nádúr an ábhair féin. Tá forbairt na scileanna taighde, smaointeoireachta criticiúla, anailíse agus machnaimh ina bpríomhchuspóirí de mhúineadh an oideachais reiligiúnaigh ag an leibhéal sinsearach. Tá obair chúrsa leagtha amach chun deiseanna a thabhairt do dhaltaí tuilleadh forbartha a dhéanamh ar na scileanna seo trí imscrúdú mionsonraithe a dhéanamh ar thopaic roghnaithe.
(*Oideachas Reiligiúnach, An Ardteistiméireacht, Treoirlínte do Mhúinteoirí* – NCCA leathanach 142)

- Éilítear ar iarrthóirí obair chúrsa ar aon teideal amháin a chur isteach.
- Baineann na teidil d'obair chúrsa leis an nGnáthleibhéal agus leis an Ardleibhéal araon. Ba chóir Leabhrán Obair Chúrsa an iarrthóra a mharcáil ag an leibhéal ag ar thóg sé/sí an scrúdú.
- Féadfaidh iarrthóirí ar mian leo an obair chúrsa a mhaisiú le léaráidí é seo a dhéanamh sna spásanna folmha a sholáthraítear ag bun gach leathanaigh. Ní mór don iarrthóir na grafaicí nó na híomhánna ar fad a tharraingt nó a scanadh go díreach ar an leabhrán. Níor chóir dóibh, áfach, ábhar a cheangal nó a fheistiú den Leabhrán Obair Chúrsa.

| **Cuid A Tuairiscín** | | **SÁRMHAITH** | **AN-MHAITH** | **GO MAITH** | **RÉASÚNTA** | **LAG** |
|---|---|---|---|---|---|---|
| *Fianaise ar* ***chritéir mharcála do theidil 2014*** *(eolas; tuiscint; scileanna; dearcthaí mar a bhaineann siad leis an siollabas)* *Cód* ***MC*** | | FIANAISE IOMLÁN SHUBSTAINTIÚIL CHRUINN | FIANAISE SHUBSTAINTIÚIL CHRUINN | FIANAISE CHRUINN | FIANAISE IMLEOR TEORANTA | FIANAISE BHOCHT/GAN AON FHIANAISE |
| | | **40 > 34** | **33 > 28** | **27 > 22** | **21 > 16** | **15 > 0** |
| ***An tSlí a nDéileáiltear le Pointí Socraithe Cuid A*** | **foinsí eolais ar theideal 2014.** Cód **SI** | EOLAS SUBSTAINTIÚIL | EOLAS MAITH | EOLAS GINEARÁLTA ÉIGIN | EOLAS IMLEOR TEORANTA | BEAGÁN EOLAIS/GAN EOLAS |
| | Eolas ar na **céimeanna a tógadh agus ar na scileanna a úsáideadh ar Theideal 2014** (*taighde; anailís; measúnú; smaointeoireacht chriticiúil; cumarsáid; machnamh*) Cód **SS** | EOLAS SUBSTAINTIÚIL MIONSONRAITHE | EOLAS GINEARÁLTA SOILÉIR | EOLAS GINEARÁLTA ÉIGIN | EOLAS IMLEOR TEORANTA | BEAGÁN EOLAIS/GAN EOLAS |
| | **Achoimre ar thorthaí ar theideal 2014** *(an cumas chun – eolas a roghnú, agus anailís agus measúnú a dhéanamh air; eolas a shórtáil agus eagar a chur air; tuairimí a chur i láthair go gonta agus go héifeachtach.)* | SAOTHAR AN-FHIÚNTACH. | SAOTHAR FIÚNTACH. | SAOTHAR BREÁ. | SAOTHAR IMLEOR. | SAOTHAR BEAGBHRÍOCH/ NEAMHÁBHARTHA. |
| | | ACHOIMRE IOMLÁN AGUS ÁBHARTHA | ACHOIMRE MHIONSONRAITHE | ACHOIMRE GHINEARÁLTA | ACHOIMRE THEORANTA IMLEOR | ACHOIMRE BHOCHT/ GAN ACHOIMRE |
| | **Fianaise tacaíochta** do chonclúidí a bhaintear. | FIANAISE SHUBSTAINTIÚIL TACAÍOCHTA DO CHONCLÚIDÍ | FIANAISE AN-MHAITH TACAÍOCHTA DO CHONCLÚIDÍ | FIANAISE GHINEARÁLTA TACAÍOCHTA ÉIGIN DO CHONCLÚIDÍ | FIANAISE THEORANTA TACAÍOCHTA IMLEOR DO CHONCLÚIDÍ | BEAGÁN/GAN FIANAISE TACAÍOCHTA DO CHONCLÚIDÍ |
| | **gabháil phearsanta** le Teideal 2014. Cód **SF** | GABHÁIL PHEARSANTA SHUBSTAINTIÚIL | GABHÁIL PHEARSANTA SHOILÉIR | GABHÁIL PHEARSANTA GHINEARÁLTA ÉIGIN | GABHÁIL PHEARSANTA THEORANTA IMLEOR | GABHÁIL PHEARSANTA NEAMHLEOR/GAN GABHÁIL PHEARSANTA |

*An tSlí a nDéileáiltear le Pointí Socraithe i gCuid B.*

| **Cuid B Tuairiscín:** | **SÁRMHAITH** | **AN-MHAITH** | **GO MAITH** | **RÉASÚNTA** | **LAG** |
|---|---|---|---|---|---|
| *Fianaise ar* ***chritéir mharcála do theidil 2014*** *(eolas; tuiscint; scileanna; dearcthaí mar a bhaineann siad leis an siollabas)* *Cód* ***MC*** | FIANAISE IOMLÁN, CHRUINN, SHUBSTAINTIÚIL | FIANAISE SHUBSTAINTIÚIL CHRUINN | FIANAISE CHRUINN | FIANAISE IMLEOR THEORANTA | FIANAISE BHOCHT/GAN FHIANAISE |
| | **40 > 34** | **33 > 28** | **27 > 22** | **21 > 16** | **15 > 0** |
| Úsáid as **scileanna** ar Theideal 2014 *(taighde; anailís; measúnú; smaointeoireacht chriticiúil; cumarsáid; machnamh, breithiúnas)* Cód **S** | ÚSÁID SHUBSTAINTIÚIL AS SCILEANNA | ÚSÁID AN-SOILÉIR AS SCILEANNA | ÚSÁID SHOILÉIR AS SCILEANNA | BEAGÁN ÚSÁIDE AS SCILEANNA | ÚSÁID NEAMHLEOR/GAN AON ÚSÁID AS SCILEANNA |
| Cén fáth a raibh teideal 2014 ina **ábhar spéise**? *(díograis / imní)* Cód **I** | SAOTHAR AN-FHIÚNTACH MÍNIÚCHÁN SUBSTAINTIÚIL SPÉIS PHEARSANTA AN-SOILÉIR | SAOTHARFIÚNTACH MÍNIÚCHÁN MIONSONRAITHE SPÉIS PHEARSANTA SHOILÉIR | SAOTHAR BREÁ MÍNIÚCHÁN GINEARÁLTA MAR AON LE SPÉIS PHEARSANTA ÉIGIN | SAOTHAR IMLEOR MÍNIÚCHÁN IMLEOR SPÉIS PHEARSANTA LEORDHÓTHANACH | SAOTHAR BEAGBHRÍOCH/ NEAMHÁBHARTHA BEAGÁN ÁBHARTHACHTA/GAN AON ÁBHARTHACHT BEAGÁN/GAN AON SPÉIS PHEARSANTA |
| Cé na **peirspictíochtaí difriúla** ar teagmhaíodh leo agus obair chúrsa á déanamh ar theideal roghnaithe 2014? (*an cumas tuairimí/cur chuige difriúla i leith topaice a léirmhíniú, a chur i gcomparáid agus a mheas; an cumas frithargóintí a fhorbairt*) Cód **P** | SAINAITHINT SHUBSTAINTIÚIL AGUS PEIRSPICTÍOCHTAÍ DIFRIÚLA A CHOTHROMÚ | SAINAITHINT SHOILÉIR AGUS PEIRSPICTÍOCHTAÍ DIFRIÚLA A CHOTHROMÚ | SAINAITHINT GHINEARÁLTA ÉIGIN AGUS PEIRSPICTÍOCHTAÍ DIFRIÚLA A CHOTHROMÚ | SAINAITHINT IMLEOR AGUS PEIRSPICTÍOCHTAÍ DIFRIÚLA A CHOTHROMÚ | BEAGÁN SAINAITHEANTA/ GAN AON SAINAITHINT AGUS PEIRSPICTÍOCHTAÍ DIFRIÚLA A CHOTHROMÚ |
| Cé na **ceisteanna** a tháinig chun cinn agus obair chúrsa á déanamh ar theideal 2014? *(an cumas údarás foinsí difriúla eolais a cheistiú agus an cumas idirdhealú a dhéanamh idir fíric agus tuairim)* Cód **Q** | SAINAITHINT SHUBSTAINTIÚIL CEISTEANNA | SAINAITHINT SHOILÉIR CEISTEANNA | SAINAITHINT GHINEARÁLTA ÉIGIN CEISTEANNA | SAINAITHINT IMLEOR CEISTEANNA | BEAGÁN SAINAITHEANTA CEISTEANNA/GAN AON SAINAITHINT CEISTEANNA |
| Cé na **dearcthaí pearsanta** a fuarthas trí obair chúrsa a dhéanamh ar theideal roghnaithe 2014? *(an cumas athbhreithniú a dhéanamh ar an bhfoghlaim agus an tionchar a bhíonn ag an bhfoghlaim sin ar thuairimí, ar dhearcthaí agus ar eispéireas an duine)* Cód **PI** | CUR SÍOS MIONSONRAITHE MAR AON LE GABHÁIL PHEARSANTA SHUBSTAINTIÚIL | CUR SÍOS GINEARÁLTA MAR AON LE GABHÁIL PHEARSANTA SHOILÉIR | CUR SÍOS GINEARÁLTA MAR AON LE GABHÁIL PHEARSANTA ÉIGIN | CUR SÍOS GINEARÁLTA MAR AON LE GABHÁIL PHEARSANTA IMLEOR | BEAGÁN CUR SÍOS/ GAN AON CHUR SÍOS GABHÁIL PHEARSANTA NEAMHLEOR |
| Cad a bhí ar an ngné **ba luachmhaire** d'obair chúrsa a dhéanamh ar an teideal? Cód V | MEASÚNÚ SUBSTAINTIÚIL LENA MBAINEANN LUACH | MEASÚNÚ AN-MHAITH LENA MBAINEANN LUACH | MEASÚNÚ GINEARÁLTA LENA MBAINEANN LUACH | MEASÚNÚ IMLEOR LENA MBAINEANN LUACH | BEAGÁN MEASÚNAITHE/GAN AON MHEASÚNÚ LENA MBAINEANN LUACH |